An Chomhairle Ealaíon

Seirbhísí Léiriúcháin Chruthaithigh - Scéim Phíolótach chun Acmhainní Amharclannaíochta a Chomhroinnt

GAIRM TOGRAÍ

Cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó pháirtithe (nó comhpháirtíochtaí) ar suim leo cur isteach ar thacaíocht maoinithe chun tacú le soláthar seirbhísí léiriúcháin chruthaithigh ar bhonn comhroinnte acmhainní don amharclannaíocht ghairmiúil in Éirinn.

1. Cúlra agus cuspóir

Mar chuid dá beartas agus dá straitéis don amharclannaíocht a d'eascair as a straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, is mian leis an gComhairle Ealaíon tús a chur le scéim phíolótach chun tacú le seirbhís léiriúcháin cruthaithigh a fhorbairt don amharclannaíocht ghairmiúil in Éirinn ar bhonn comhroinnte acmhainní. Is éard is cuspóir leis an tionscnamh seo fáil amach an neartódh togra mar seo na tacaíochtaí atá ann d'ealaíontóirí agus do dhéantóirí amharclannaíochta neamhspleácha, ag cur ar a gcumas úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, agus ag laghdú an ghá a bhíonn ag ealaíontóirí neamhspleácha struchtúir léiriúcháin níos foirmiúla a chruthú timpeall orthu féin.

Tá an phríomhsprioc atá mar chuid de *Shaothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar, mar bhonn is mar thaca don togra seo.

2. Cuspóir

Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscnaimh:

- Soláthar agus comhroinnt seirbhísí agus acmhainní léiriúcháin d'ardchaighdeán d'fhorbairt, do chur i láthair agus do chamchuairt taibhithe amharclannaíochta do lucht féachana a éascú

- Seirbhísí léiritheoirí amharclannaíochta cruthaithí a fháil chun iad a chumasú le tacú leis an obair a bhíonn idir lámha ag neart ealaíontóirí agus déantóirí amharclannaíochta agus leis an obair sin a chothú
- Oibriú le healaíontóirí agus compántais amharclannaíochta neamhspleácha chun tacú lena bhforbairt chruthaitheach agus chun cuidiú leo a smaointe ealaíne a léiriú, lena n-áirítear, nuair is cuí, rochtain ar thacaíocht amharclannaíochta agus/nó tacaíocht le scripteanna a fhorbairt
- Tacaíochtaí praiticiúla riaracháin agus bonneagair a chur ar fáil do roinnt ealaíontóirí agus/nó compántais amharclannaíochta neamhspleácha
- Íocaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí ar bhonn cláir chónaitheachta
- Meantóireacht, oiliúint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil d'ealaíontóirí amharclannaíochta neamhspleácha.

3. Riachtanach

Beidh ar iarrthóirí fianaise ina ndeimhnítear na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Cuntas teiste ar shaothair amharclannaíochta a léiriú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde
- Cuntas teiste ar bhainistíocht cheart agus chuí a dhéanamh ar thionscadail ar infheistíodh airgead poiblí iontu
- Acmhainní fisiciúla – nó rochtain ar acmhainní dá leithéid – arbh fhéidir leis na healaíontóirí iad a úsáid lena saothair a chruthú; áirítear acmhainní éagsúla sna hacmhainní seo idir spás oifige agus spás cleachtaidh/spás i stiúideo
- Príomhphearsanra – nó próiseas mionsonraithe chun na pearsanra sin a aithint – chun tacaíochtaí cruthaitheacha agus líne tháirgthe le cumas léiriúcháin, bainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil chun an leas is fearr a bhaint as deiseanna léiriúcháin go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Próiseas atá soiléir, cothrom agus trédhearcach chun na healaíontóirí a oibreoidh leis an acmhainn léiriúcháin a roghnú
- Comhpháirtíochtaí léirithe le heagraíochtaí a bhfuil cuntas teiste acu maidir le hamharclannaíocht a chur i láthair do lucht féachana i mbealach cruthaitheach.

4. Inmhianaithe

Níl na gnéithe seo a leanas riachtanach ach chuirfidís le hiarratais:

- Rochtain láithreach ar spás cleachtaidh agus taibhléirithe a bhfuil córas díol-oifige ann
- Líonraí seanbhunaithe de chaidrimh le heintitis léirithe agus láithrithe eile
- Naisc le heintitis léirithe agus láithrithe idirnáisiúnta
- Cumas le hoibriú leis na healaíontóirí roghnaithe chun cláir oibre laistigh de shainordú na heagraíochta léirithe a sholáthar, más cuí

- Tabharfar tús áite d'eintitis atá lonnaithe, nó a bhaineann le, ceantair uirbeacha níos mó le linn na chéad sraithe ionas go mbeidh an tionchar is mó ann ar ealaíontóirí agus lucht féachana.

5. Coinníollacha

Bainfidh na coinníollacha seo a leanas leis an bpróiseas iarratais:

- Bunófar an próiseas roghnúcháin don tionscnamh rathúil ar an gcuntas teiste a léirítear sa togra go ginearálta maidir leis na nithe seo a leanas: caighdeán ealaíonta, eolas, taithí, saineolas agus luach ar airgead (féach ar an gcuid ar an bPróiseas Roghnúcháin thíos)
- Táirgfear aon mhaoiniú ar an mbonn go bhfeidhmeoidh an t-iarrthóir rathúil de réir 'Scéim Seirbhísí Léiriúcháin Chruthaithigh na Comhairle Ealaíon', agus déanfar é a aithint mar sin amháin, agus tabharfar cuntas air agus déanfar tuairisciú ina leith **neamhspleách** ar aon ghníomhaíochtaí eile a dtugann an t-iarrthóir rathúil fúthu
- Níltear ag súil go ndéanfar gníomhaíochtaí eagraíochtaí atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon cheana féin a dhúbláil, a fheabhsú ná a threisiú tríd an bpróiseas seo Ba chóir go mbeifí in ann aon ghníomhaíochtaí a dtacaítear leo tríd an tionscnamh seo a thaifeadadh agus cuntas a thabhairt ina leith tríd an sásra maoinithe ar leith seo.

6. Buiséad

Féadfar cur isteach ar mhaoiniú go huasmhéid **€250,000** in aghaidh na bliana thar dhá bhliain. Féadfaidh an Chomhairle Ealaíon cinneadh a dhéanamh níos mó ná dámhachtain amháin a bhronnadh bunaithe ar chaighdeán na n-aighneachtaí a bhfaighfear.

7. Próifíl na n-iarrthóirí

Is dócha go mbeidh an t-iarrthóir rathúil ar cheann de na cineálacha eintiteas seo a leanas:

a) Comhlacht léiriúcháin reatha agus/nó ionad ealaíon ag a bhfuil cuntas teiste láidir ar amharclannaíocht a léiriú ar ardchaighdeán
b) Eintiteas nua a chruthaigh comhlacht(aí) léiriúcháin reatha agus/nó iona(i)d ealaíon
c) Eintiteas nua a bunaíodh/atá faoi stiúir gairmithe amharclannaíochta a bhfuil taithí agus cuntais teiste láidre acu i leith na forbartha cruthaithí agus phríomhghnéithe an léirithe amharclannaíochta.

Táthar ag súil go mbeidh tuiscint ghrinn ag an iarrthóir rathúil ar an léiriú amharclannaíochta agus ar lucht féachana na hamharclannaíochta in Éirinn, agus cuntas teiste láidir acu ina ndeachthas i ngleic le forbairt ealaíontóirí agus le forbairt lucht féachana mar chuid d'obair a rinneadh roimhe seo.

Is é an struchtúr roghnaithe don togra seo go síneoidh an Chomhairle Ealaíon comhaontú maoinithe le heintiteas corparáideach neamhbhrabúsach (cuir i gcás CLG), ag a bhfuil a rialachas cumraithe aige.

8. Próiseas iarratais agus roghnúcháin

Bainfidh dhá chéim leis an bpróiseas chun iarrthóir aonair a roghnú:

Céim 1

- Cuirfidh iarrthóirí tograí scríofa isteach.

- Déanfaidh feidhmeannach na Comhairle Ealaíon na hiarratais seo a mheasúnú.
- Cuirfear an fhaisnéis uile i leith na n-iarratas agus na measúnuithe a rinneadh orthu faoi bhráid painéal roghnúcháin.
- Cuirfidh an painéal roghnúcháin iarrthóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an scór a fhaigheann a n-iarratas faoi na critéir mhionsonraithe thíos.

Céim 2

- Rachfar i dteagmháil leis na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta má theastaíonn aon fhaisnéis eile agus/nó soiléiriú ón bpainéal comhairliúcháin.
- Déanfar an fhaisnéis bhreise agus/nó an fhaisnéis a chuir feidhmeannach na Comhairle Ealaíon ar fáil a mheas agus cuirfear an fhaisnéis sin faoi bhráid an phainéil roghnúcháin.
- Cuirfidh na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta a dtograí i láthair don phainéal roghnúcháin.
- Cuirfidh an painéal roghnúcháin scóir leis na hiarratais atá ar an ngearrliosta agus déanfaidh siad moladh don Chomhairle Ealaíon.
- Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an moladh a rinne an painéal roghnúcháin a bhreithniú.
- Rachfar i dteagmháil leis an iarrthóir molta, má aontaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an moladh, le teacht ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha faoina mbronnfar an maoiniú.

9. Painéal Roghnúcháin

Is iad seo a leanas a bheidh ar an bpainéal roghnúcháin:

- Cathaoirleach: comhalta den Chomhairle Ealaíon
- Comhalta amháin eile den Chomhairle Ealaíon
- Saineolaí idirnáisiúnta neamhspleách amháin
- Beirt saineolaithe neamhspleácha Éireannacha

Freastalóidh Feidhmeannas na Comhairle Ealaíon ar chruinnithe an phainéil roghnúcháin, ní bheidh na baill foirne sin in ann vóta a chaitheamh agus ní bheidh ach ról comhairleach amháin acu.

10. Achoimre ar an bpróiseas agus ar an gclár ama

Dátaí*	**Céim den phróiseas**
5.30 pm, Déardaoin, 5 Meán Fómhair 2019	Ní mór do dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh a suim a léiriú faoin dáta seo.
5.30 pm, Déardaoin, 12 Meán Fómhair 2019	Spriocdháta le haghaidh ceisteanna a chur isteach.
Déardaoin, 19 Meán Fómhair 2019	Seolfar freagraí ar cheisteanna chuig na páirtithe uile atá cláraithe.
5.30 pm, Déardaoin, 3 Deireadh Fómhair 2019	Spriocdháta le haghaidh ceisteanna.

4–14 Deireadh Fómhair 2019	Formheasúnú na dtograí.
An tseachtain dar tús an 14 Deireadh Fómhair 2019	Cinneadh ón bpainéal maidir leis an ngearrliosta. Rachfar i dteagmháil le hiarrthóirí. Le haon fhaisnéis bhreise/soiléiriú a theastaíonn ó na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta a fháil.
5.30 pm, 4 Samhain 2019	Cuirfear aon tograí deimhnithe isteach.
11–12 Samhain 2019	Cuirfidh na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta a dtograí i láthair. Cinneadh ón bpainéal maidir le moladh don Chomhairle.
20 Samhain 2019	Cuirfear moltaí an phainéil i láthair don Chomhairle le bhreithniú orthu agus le cinneadh a dhéanamh.
An tseachtain dar tús an 25 Samhain 2019	Cuirfear cinneadh na Comhairle in iúl do na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta.

* *D'fhéadfadh na dátaí seo athrú; cuirfear aon athrú faoi bhráid na n-iarrthóirí.*

11. Breithnithe roghnúcháin, critéir agus scóráil

I gcomhthéacs bheartas agus straitéis na Comhairle Ealaíon don amharclannaíocht, agus ag cur na breithnithe cuí uile san áireamh, roghnófar an t-iarratas is fearr i leith leasanna fadtéarmacha fhorbairt na foirme ealaíne in Éirinn, forbairt ealaíontóirí amharclannaíochta Éireannacha agus saothar don lucht féachana.

Úsáidfear teimpléad scórála chun na hiarratais a mheasúnú agus a rangú. Is é seo a leanas an teimpléad a úsáidfear:

CEANNTEIDEAL MEASÚNAITHE	% den ualú
CAIGHDEÁN EALAÍONTA Breithneofar i measúnú an uaillmhian, an úrnuacht agus an nuálaíocht a léirítear sna cineálacha ealaíontóirí agus na cineálacha oibre a dtacófar leo mar thoradh ar sholáthar seirbhís léiriúcháin chruthaithigh chomhroinnte – **NÓ** – ar an bpróiseas a ainmníodh chun an obair sin agus/nó ealaíontóirí a fhorbróidh an obair sin a aithint agus a roghnú.	30%
FORBAIRT NA FOIRME EALAÍNE Breithneofar i measúnú an méid a fhorbrófar an amharclannaíocht mar fhoirm ealaíne – le béim ar leith ar shláine na bpróiseas amharclannaíochta/forbartha a chuirfear ar fáil d'ealaíontóirí chun cuidiú le forbairt chruthaitheach a gcleachtais agus lena smaointe a chur i gcrích.	20%
RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL Breithneofar i measúnú ar chaighdeán agus ar indéantacht na bpleananna chun lucht féachana a aimsiú, a fhás, a fhorbairt agus chun dul i gcion ar lucht féachana.	20%
INDÉANTACHT: PLEANÁIL EAGRAÍOCHTÚIL & GHNÓ Breithneofar ar na nithe seo a leanas chun an scór seo a mheas: • Fianaise ar phleanáil agus buiséadú léiriúcháin atá fónta agus indéanta • Caighdeán agus indéantacht na bpleananna gnó, lena n-áirítear pleananna chun ioncam a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla • Cuntas teiste agus cumas chun pleananna agus tograí a sheachadadh • Príomh-chomhpháirtíochtaí eagraíochtúla/gnó a thacaíonn leis an togra	20%
BREITHNITHE STRAITÉISEACHA Breithneofar ar na nithe seo a leanas chun an scór seo a mheas: • An méid a chomhlíonann na tograí tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta na Comhairle Ealaíon d'fhorbairt na hamharclannaíochta mar fhoirm ealaíne • An tionchar a bheadh ag an togra i dtéarmaí láidreacht agus éagsúlacht an bhonneagair léiriúcháin amharclannaíochta náisiúnta • Rioscaí ealaíonta agus gnó	10%
	100%

Léiriú suime

Ar an gcéad dul síos, ba chóir do pháirtithe ar suim leo togra a chur isteach mar thoradh ar an ngairm seo a suim a léiriú ach ríomhphost a sheoladh chuig elaine.connolly@artscouncil.ie roimh **5.30 pm, Déardaoin, 5 Meán Fómhair 2019.**

Ceisteanna agus soiléiriú

Ba chóir aon cheist atá agat maidir leis an bpróiseas seo a sheoladh chuig elaine.connolly@artscouncil.ie roimh **5.30 pm, Déardaoin, 12 Meán Fómhair 2019**. Cuirfear na freagraí ar gach ceist a fhaightear ar fáil ansin do gach páirtí a léirigh suim sa phróiseas.

Spriocdháta le haghaidh tograí

Ba chóir na tograí tosaigh, mar aon le haon cháipéisíocht tacaíochta, a sheoladh i ríomhphost chuig elaine.connolly@artscouncil.ie roimh **5.30 pm, Déardaoin, 3 Deireadh Fómhair 2019.**

Cuirfear in iúl i ríomhphost go bhfuarthas na hiarratais agus an cháipéisíocht tacaíochta.

Rialacha

1. Tá sé toirmiscthe dul i mbun stocaireachta ar fhoireann na Comhairle Ealaíon, comhaltaí an phainéil comhairliúcháin nó comhaltaí na Comhairle Ealaíon mar eagraíocht atá i mbun iarratais nó ar son eagraíochta atá i mbun iarratais agus dícháileofar aon iarratasóir a dhéanann amhlaidh.

2. Coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart gan dámhachtain a bhronnadh mar a beartaíodh, agus bealaí eile a fhiosrú chun cuspóir an phróisis a bhaint amach.

3. Is féidir le hiarratasóirí cinneadh a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon don phróiseas sin, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.

4. D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí, do bhaill foirne, do chomhairleoirí na Comhairle Ealaíon agus do dhaoine den phainéal atá páirteach sa phróiseas cinnteoireachta leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó le hiarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire nó cairdis, nó comhpháirtithe, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.)

   Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don duine é. D'fhéadfadh sé sin tarlú nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó laistigh de thrí lá oibre tar éis scéala a fháil maidir le liosta na n-iarratasóirí. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an duine sin lena mbaineann páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú.

   I roinnt cásanna b'fhéidir nach dtuigfeadh an duine lena mbaineann fiú go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann sé/sí na páipéir phainéil agus nuair a fhéachann sé/sí orthu. I gcásanna den sórt sin ní mór don duine lena mbaineann ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó cathaoirleach an phainéil chomhairligh a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann sé/sí go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

   Má tá coinbhleacht leasa ag an gCathaoirleach, ní mór dó/di é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dó/di go bhfuil a leithéid ann – ní mór é sin a dhéanamh i scríbhinn roimh an gcéad chruinniú le haghaidh athbhreithniú iarratas. Sa chás sin, beidh stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, nó comhalta den Chomhairle Ealaíon mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

Treoirlínte agus faisnéis thábhachtach do thograí

Ba chóir tograí a chur isteach go leictreonach mar cháipéis A4 Microsoft Word amháin (inar cheart achoimre ar an mbuiséad agus ar fhigiúirí lucht féachana a áireamh), mar aon le buiséadú mionsonraithe ag tacú leis na hiarratais i scarbhileog i leabhar oibre Microsoft Word eile.

Ba chóir aon cháipéisíocht tacaíochta a chuirtear ar fáil (féach thíos) a ainmniú go sonrach mar cheangaltáin ar leithligh.

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid de gach togra:

1. Sonraí teagmhála agus faisnéis an chomhlachta

- Ainm an iarratasóra
- ARN (más infheidhmithe)
- Seoladh poist
- Ainm an phríomhtheagmhálaí
- Ríomhphost
- Teileafón
- Liosta na bpríomhbhall foirne
- Liosta stiúrthóirí an chomhlachta (más infheidhmithe)
- Cineál comhlachta, uimhir chláraithe an chomhlachta (más infheidhmithe)

2. Clár Ábhair an Togra

Tabhair liosta de gach cáipéis (agus ainm na gcáipéisí sin) atá á gcur isteach agat mar chuid den togra.

3. Achoimre Feidhmiúcháin

Níor chóir go mbeadh sé seo níos faide ná 1,000 focal

4. Plean ealaíne

Ba chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa phlean seo:

a) Leag amach misean/réasúnaíocht atá mar bhonn don chlár ealaíonta agus na cláir gníomhaíochtaí agus na roghanna ealaíonta a bhaineann leis an gclár sin.
b) Ainmnigh na príomhphearsanra ealaíonta agus pearsanra gairmiúil eile a stiúrfaidh an togra.
c) Leag amach beartas agus próiseas soiléir chun na cineálacha ealaíontóirí agus oibre a dtacófar leo a aithint.

5. Tograí maidir le haimsiú lucht féachana agus forbairt

Tá rannpháirtíocht an phobail ar cheann de thosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon, agus is ábhar imní mór é don bheartas agus straitéis amharclannaíochta.

Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht agus an plean a thacaíonn leis na tograí fothaca sin chun lucht féachana a aimsiú, a fhás agus a fhorbairt le linn na tréimhse sin, soiléir agus indéanta.

Moltar d'iarrthóirí dearcadh forleathan a choinneáil i leith forbairt lucht féachana agus saincheisteanna a bhaineann le hoideachas, for-rochtain, agus rochtain do lucht féachana ar leith a chur san áireamh sa dearcadh sin.

Ba chóir go léireofaí tiomantas d'fhás agus d'éagsúlú lucht féachana agus do rannpháirtíocht an phobail i dtograí. Ba chóir go mbeadh an fhéidearthacht le tionchar inbhuanaithe fadtéarmach a imirt ag an ngné seo den togra ar uaillmhianta agus ar bheartas an eintitis a sheachadann an tseirbhís, agus ar na pobail éagsúla a théann i ngleic leis an amharclannaíocht tríd an obair.

6. Plean gnó/airgeadais

Chun críche pleanála gnó, is é €250,000 an infheistíocht a d'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon a chur ar fáil don iarrthóir rathúil. Cuirfear an maoiniú sin ar fáil don tréimhse tosaigh ó dheireadh 2019 go dtí deireadh 2020. Ba chóir an infheistíocht sin a chur san áireamh sna figiúirí airgeadais do 2021 agus tograí á gcur isteach chun gníomhaíochtaí ealaíonta a sheachadadh de réir mar a leagtar amach iad thuas in 4a–c.

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa phlean gnó/airgeadais:

a) Ní mór dó dhá bhliain airgeadais iomlána a chumhdach, is iad sin 2020–21.
b) Léirigh buiséadú do chostais fhónta maidir le forbairt, léiriú agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo, do phríomh-fhorchostais na heagraíochta, díolacháin, margaíocht agus costais tiomsaithe airgid, etc.
c) Cuir achoimre ar fhaisnéis réamh-mheastacháin atá soiléir ar fáil, mar aon le bonn leis an réamh-mheastachán a sonraíodh, chun an t-ioncam is mó a ghiniúint as foinsí éagsúla.
d) Leag amach na príomhphointí a bhaineann le straitéis, pleananna agus réamh-mheastacháin do mhargaíocht, do dhíolacháin agus do ghiniúint ioncam.

7. Plean eagraíochtúil

Struchtúr comhlachta/eagraíochta beartaithe a leagadh amach go soiléir, lena n-áirítear na príomhróil agus nádúr na fostaíochta (lánaimseartha/páirtaimseartha, ar conradh chun seirbhísí a sholáthar, etc.) agus, nuair is féidir, ainmneacha na príomhphearsanra.

8 Cuntas Teiste

a) Comhlacht reatha atá ag cur iarratas isteach: tabhair cur síos gairid ar stair an chomhlachta agus achoimre ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta le cúig bliana anuas.

NÓ

b) I gcás go bhfuil comhlachtaí reatha ag cruthú nó ag beartú eintitis nua: lean na treoracha do chomhlachtaí reatha do gach ceann de na comhlachtaí lena mbaineann.

NÓ

c) I gcás go bhfuil eintitis nua ag cur iarratas isteach: tabhair achoimre soiléir (le CVanna cuí sa cháipéisíocht tacaíochta) ar chuntas teiste phríomhphearsanra an chomhlachta, agus déan iarracht cás soiléir a dhéanamh chun infheistíocht mhór a dhéanamh bunaithe ar an gcuntas seo.

Cáipéisíocht tacaíochta

Ba chóir d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur isteach lena n-iarratais:

- Scarbhileog ar leithligh i leabhar oibre Microsoft Word ar a bhfuil lipéad soiléir agus ina sonraítear buiséad **mionsonraithe** agus na ríomhanna uimhriúla a úsáideadh chun na figiúirí atá le haimsiú sa phríomhiarratas a ríomh.
- Litreacha ina ndeimhnítear tacaíocht ó aon phríomhpháirtithe ealaíonta nó gnó.
- Más comhlacht reatha atá ann, ráiteas ar staid airgeadais reatha an chomhlachta agus an tuarascáil bhliantúil/cuntas iniúchta (péire) is déanaí.
- CVanna an phríomhphearsanra ealaíonta agus fheidhmeannaigh.